C/2025/2991

26.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11825 — VERBUND / SW MÜNSTER / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2991)

1. An 16 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— VERBUND AG ('VERBUND', an Ostair),

— Stadtwerke Münster GmbH ('SW Münster', an Ghearmáin), atá faoi rialú chathair Münster (an Ghearmáin).

Gheobhaidh VERBUND agus SW Münster comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh Ostarach é VERBUND, atá gníomhach go príomha i nginiúint agus i soláthar leictreachais. Sa Ghearmáin, tá VERBUND gníomhach trí VERBUND Energy4Business Germany GmbH, go háirithe i soláthair tháirgí agus seirbhísí fuinnimh do chustaiméirí tráchtála,

— Tá SW Münster freagrach as soláthair phoiblí fóntais, go háirithe fuinneamh, agus iompar poiblí áitiúil i gcathair Münster.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar nuachruthaithe:

— Saoráid stórála ceallra a phleanáil, a thógáil, a oibriú agus a mhargú i limistéir uirbeach Münster.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11825 — VERBUND / SW MÜNSTER / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË